

21.3.2019

A8-0175/56

**Leasú 56**

**Marco Valli, Piernicola Pedicini, Laura Agea, Fabio Massimo Castaldo, Isabella Adinolfi, Rosa D'Amato, Eleonora Evi, Rolandas Paksas**  
thar ceann Ghrúpa EFDD

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 11 a*

*Rannchuidiú substaintiúil le cuspóirí sóisialta*

*Measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go substaintiúil le cuspóirí sóisialta i gcás ina rannchuidíonn an ghníomhaíocht sin go substaintiúil le hardleibhéal forbartha sóisialta, cuimsithe shóisialta agus combhionannais a bhaint amach, trí aon cheann de na modhanna seo a leanas:*

*(a) neamhionannas socheacnamaíoch, eisiámh sóisialta agus imeallú a laghdú;*

*(c) comhdheiseanna do chách a chur chun cinn agus/nó feabhas a chur ar an gcomhtháthú sóisialta agus ar an gcuimsiú sóisialta i gcás grúpaí nó pobail atá faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear trí mhicreamhaoiniú;*

*(d) laghdú a dhéanamh ar an uile shaghas bochtaineachta, lena n-áirítear bochtaineacht ioncaim, díth ábhartha agus ísealdéine oibre;*

*(e) tacú le forbairt eagraíochtaí de chuid an gheilleagair shóisialta agus le forbairt fiontar sóisialta, mar a shainmhínítear iad sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le gnó*

*sóisialta;*

*(f) rochtain chothrom ar shlándáil bia, ar chúram sláinte, ar oideachas ardcháilíochta agus ar oiliúint ardcháilíochta, ar thithíocht inacmhainne agus ar chosaint shóisialta a chur chun cinn;*

*(g) rochtain chothrom ar bhunseirbhísí ardcháilíochta bunriachtanacha eile, lena n-áirítear uisce, sláintíocht, fuinneamh, iompar, seirbhísí airgeadais agus cumarsáid dhigiteach, a chur chun cinn;*

**2. Déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun:**

*(a) mír 1 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú chun a chinneadh cé na coinníollacha faoina measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch shonrach go substaintiúil le cuspóirí sóisialta;*

*(b) Airteagal 12 a fhorlíonadh chun critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh gach cuspóra sóisialta ábhartha, lena chinneadh an measfar, chun críocha an Rialacháin seo, go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch a bhfuil critéir scagtha bunaithe ina leith le bhun phointe (a) den mhír seo díobháil shuntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí sin.*

**3. Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh faoin [1 Iúil 2021], d'fhonn a áirithiú go dtiocfaidh sé i bhfeidhm an [31 Nollaig 2021].**

Or. en

21.3.2019

A8-0175/57

**Leasú 57**

**Marco Valli, Piernicola Pedicini, Laura Agea, Fabio Massimo Castaldo, Isabella Adinolfi, Rosa D'Amato, Eleonora Evi, Rolandas Paksas**  
thar ceann Ghrúpa EFDD

**Tuarascáil**

**A8-0175/2019**

**Bas Eickhout**

Creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú  
(COM(2018)0353 – C8-0207/2018 – 2018/0178(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1 a. Faoi 31 Nollaig 2019, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir lena iomchuí atá sé raon feidhme an Rialacháin a leathnú chun go gcumhdófaí cuspóirí sóisialta, amháil rannchuidiú le neamhionannas a laghdú, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac, tacú le forbairt fiontar sóisialta, rochtain chothrom ar shlándáil bia, ar chosaint shóisialta, ar sheirbhísí sláinte agus ar sheirbhísí bunriachtanacha eile a chur chun cinn, agus infheistíocht a dhéanamh i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na sochaí de. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán seo d'fhonn tacsanomaíocht chomhtháite AE a bhunú i gcomhair infheistíochtaí inbhuanaithe ag gabháil leis an tuarascáil.***

Or. en